2024/2858

13.11.2024

RIALACHÁN (AE) 2024/2858 ÓN gCOIMISIÚN

an 12 Samhain 2024

lena leasaítear Rialachán (AE) 2019/1871 a mhéid a bhaineann le pointí tagartha le haghaidh gníomhaíochta i dtaca le nítreafúrán agus a meitibilítí i gcollaigin a chur i bhfeidhm

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Rialachán (CE) Uimh. 470/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 6 Bealtaine 2009 lena leagtar síos nósanna imeachta Comhphobail chun teorainneacha na n-iarmhar a bhunú do shubstaintí atá gníomhach ó thaobh na cógaseolaíochta de i mbia-ábhair de thionscnamh ainmhíoch, agus lena n-aisghairtear Rialachán (CEE) Uimh. 2377/90 ón gComhairle agus lena leasaítear Treoir 2001/82/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus Rialachán (CE) Uimh. 726/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([1]), agus go háirithe Airteagal 18 de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Le Rialachán (AE) 2019/1871 ón gCoimisiún ([2]) bunaíodh pointí tagartha le haghaidh gníomhaíochta ('RPA') i gcás substaintí áirithe neamhcheadaithe atá gníomhach ó thaobh na cógaseolaíochta de agus atá i mbia de thionscnamh ainmhíoch, nár leagadh síos aon uasteorainn iarmhar ina leith. I gcás leathcharbaisíde (SEM), meitibilít de chuid an nítreafúráin nítreafúrasón, deonaítear an díolúine ó chur i bhfeidhm RPA maidir le roinnt táirgí próiseáilte de thionscnamh ainmhíoch mura mbraitear nítreafúráin eile nó a meitibilítí in éineacht le SEM sna táirgí próiseáilte sin.

(2) Ar bhonn sonraí agus faisnéis a sholáthraíonn na hoibreoirí gnó bia agus páirtithe leasmhara eile maidir le himscrúduithe ar na paraiméadair agus na tosca sna céimeanna próiseála as a dtagann foirmiú SEM sna táirgí próiseáilte sin le linn na próiseála, is féidir leibhéal níos airde SEM a bhrath i gcollaigin freisin mar thoradh ar an bpróiseáil agus ní i dtaca le húsáid neamhdhleathach nítreafúrán. Dá bhrí sin, ba cheart collaigin a chur leis na táirgí próiseáilte de thionscnamh ainmhíoch atá díolmhaithe a mhéid a bhaineann le forfheidhmiú RPA maidir le SEM.

(3) Ós rud é gur sholáthair oibreoirí gnó bia agus páirtithe leasmhara eile sonraí agus faisnéis sásúla laistigh den sprioc-am a luaitear i bhfonóta 2 san Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán (AE) 2019/1871, ba cheart an ceanglas sin a scriosadh.

(4) Ba cheart Rialachán (AE) 2019/1871 a leasú dá réir.

(5) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo i gcomhréir leis an tuairim ón mBuanchoiste um Plandaí, Ainmhithe, Bia agus Beatha,

([1]) IO L 152, 16.6.2009, lch. 11, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2009/470/oj.

([2]) Rialachán (AE) 2019/1871 ón gCoimisiún an 7 Samhain 2019 maidir le pointí tagartha le haghaidh gníomhaíochta i dtaca le substaintí neamhcheadaithe atá gníomhach ó thaobh na cógaseolaíochta de agus atá i mbia de thionscnamh ainmhíoch agus lena n-aisghairtear Cinneadh 2005/34/CE (IO L 289, 8.11.2019, lch. 41, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2019/1871/oj).

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Cuirtear an méid seo a leanas in ionad fhonóta 2 faoin tábla san Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán (AE) 2019/1871:

'([2]) Ós rud é go dtagann SEM chun cinn ar leibhéil os cionn an RPA mar thoradh ar an bpróiseáil i ngeilitín, i gcollaigin, i dtáirgí loingeáin hidrealaithe, i dtáirgí fola spraethriomaithe, i dtiúcháin próitéine meidhg agus bainne, i gcáiséanáití agus i bpúdar bainne (seachas bainne foirmle do naíonáin agus bainne foirmle leantach) níl ach leibhéil AOZ, AMOZ, AHD agus DNSH os cionn an RPA ina léiriú soiléir ar úsáid neamhdhleathach nítreafúrán agus a meitibilítí. Ní dhéanfar an RPA 0,5 µg/kg le haghaidh SEM i ngeilitín, i gcollaigin, i dtáirgí loingeáin hidrealaithe, i dtáirgí fola spraethriomaithe, i dtiúcháin próitéine meidhg agus bainne, i gcáiséanáití agus i bpúdar bainne (seachas bainne foirmle do naíonáin agus bainne foirmle leantach) a chur i bhfeidhm ach amháin i gcás inar suíodh gur baineadh úsáid neamhdhleathach as nítreafúrasón nó SEM, i.e. braitheadh ceann amháin ar a laghad de na meitibilítí nítreafúráin eile.'.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 12 Samhain 2024.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN